CEACHT 18

BREITHLÁ

A. Abairtí úsáideacha i ngnáthchaint na scoile a chleachtadh,

m.sh. Breithlá sona duit. Go raibh maith agat.
Cén aois thú?/Cad is aois duit?
Tá mé sé bliana d'aois. Seo duit bronntanas.

B. Cloisteáil, Aithint, Aithris

Bunchomhrá

Bhí breithlá Nuala ann. Bhí Nuala sé bliana d'aois. Rinne Mamaí cáca milis. Bhí sé choinneal ar an gcáca. Thug Colm bronntanas do Nuala. Thug Mamaí agus Daidí bronntanas di. Bhí áthas ar Nuala.

C. Cleachtadh

Céard/Cad a bhí ann?
Cén aois a bhí ag Nuala Céard/Cad a rinne Mamaí?
Céard/Cad a bhí ar an gcáca?
Céard/Cad a thug Colm do Nuala?
Céard/Cad a rinne Mamaí agus Daidí?
An raibh áthas ar Nuala?

Cleachtadh a thabhairt do na páistí ar chuid de mhúnlaí an Bhunchomhrá,

m.sh. Thug Colm bronntanas **do Nuala/dom/duit/dó/di.**
Bhí áthas **ar Nuala/orm/ort/air/uirthi.**

D. Leathnú

(a) Rann

I

A haon, a dó, a trí, a ceathair,
A cúig, a sé,
Bhí breithlá Nuala ann inné,
Bhí Nuala sé bliana inné,
Huré, Huré, Huré, Huré, Huré,

II

A haon, a dó, a trí, a ceathair,
A cúig, a sé,
Bhí cáca milis ar an mbord,
Cáca milis, cáca mór,
Huré, Huré, Huré, Huré, Huré,

(b) Comhrá ginearálta faoi bhreithlá linbh sa rang.